Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

10729/20

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0216(COD)**
**2018/0217(COD)**
**2018/0218(COD)**

**AGRI 263**
**AGRILEG 96**
**AGRIFIN 70**
**AGRISTR 65**
**AGRIORG 61**
**CODEC 790**
**CADREFIN 230**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1<br>9634/18 + COR 1 + ADD 1<br>9556/18 + REV 1 (en, de, fr) + COR 1 |
| Ábhar: | An pacáiste um athchóiriú CBT tar éis 2020<br>a) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna ndréachtú ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>b) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013<br>c) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach<br>*- Staid na himeartha maidir leis an athchóiriú CBT agus malartú tuairimí* |

Mar ullmhúchán don Chomhairle "Talmhaíocht agus Iascach" a bheidh ar siúl an 21 Meán Fómhair 2020, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn nóta ón Uachtaránacht ina leagtar amach staid na himeartha maidir leis an bpacáiste um athchóiriú CBT agus gnéithe a phléifear le linn mhalartú tuairimí na n-airí, lena n-áirítear trí cheist chun an díospóireacht a stiúradh.

Mar ullmhúchán do Chur Chuige Ginearálta maidir le hathchóiriú CBT, leagtar amach ina dhiaidh seo forléargas ar an bplé atá beartaithe a dhéanamh sa Chomhairle an 21 Meán Fómhair 2020, chomh maith le staid na himeartha maidir leis na saincheisteanna eile atá le cur san áireamh sa Chur Chuige Ginearálta i mí Dheireadh Fómhair.

## Staid na himeartha maidir leis an athchóiriú CBT

### An Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí

Cuirfidh an Uachtaránacht an Rialachán Leasaitheach síos sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) d'fhonn teacht ar Chur Chuige Ginearálta i mí Dheireadh Fómhair. Measann an Uachtaránacht go bhfuil an Rialachán Leasaitheach cobhsaí den chuid is mó agus oibreoidh sí chun bailchríoch a chur air i CST.

### An Rialachán Cothrománach

Leanfaidh an Uachtaránacht dá cuid oibre sa Mheitheal ábhartha de chuid na Comhairle chun bailchríoch a chur ar an obair le haghaidh Cur Chuige Ginearálta i mí Dheireadh Fómhair.

### Rialachán an Phlean Straitéisigh CBT

Cé gur féidir a mheas go bhfuil Rialachán na bPleananna Straitéiseacha faoi CBT cobhsaí den chuid is mó, tá saincheisteanna tábhachtacha ann nach mór a phlé a thuilleadh.

**<u>Ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle an 21 Meán Fómhair 2020</u>**

<u>Ollstruchtúr glas</u>

Tá sé daingnithe arís agus arís eile ag na Ballstáit go bhfuil sé d'uaillmhian acu rannchuidiú CBT leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a mhéadú. Chun leibhéal níos airde uaillmhéine comhshaoil agus aeráide a bhaint amach, ní mór an ailtireacht ghlas, mar a thugtar air, a cheapadh dá réir.

1. **Éiciscéimeanna.** Measann an Uachtaránacht gur ionstraim lárnach iad éiciscéimeanna láidre chun uaillmhian chomhshaoil agus aeráide CBT a mhéadú. Chuir an Uachtaránacht a moltaí i láthair, lena gcumhdaítear éiciscéimeanna éigeantacha do na Ballstáit agus sciar íosta buiséid de leithdháiltí íocaíochtaí díreacha d'éiciscéimeanna. Tá sé léirithe ag roinnt Ballstát gur deacair glacadh éiciscéimeanna a thuar agus gur cheart a sheachaint go gcaillfí cistí éiciscéimeanna nár caitheadh. Chuir an Uachtaránacht na hábhair imní sin san áireamh agus tá cur chuige dhá shraith curtha i láthair aici chun buiséad íosta a leagan amach, lena ngabhann "céim phíolótach" thosaigh ina moltar sásra chun go seachnófar – ar choinníoll go mbeidh na deiseanna uile chun na cistí faoi seach a úsáid do scéimeanna don aeráid agus don chomhshaol tapaithe - caillteanais cistí. Fáiltíonn an Uachtaránacht roimh smaoinimh na mBallstát agus an Choimisiúin maidir le ceist na gcistí nár caitheadh agus tá sí ag tnúth le barúlacha ábhartha a fháil ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle i mí Mheán Fómhair.

2. **Imréiteach.** Measann an Uachtaránacht, chun go mbainfear an fheidhmíocht níos airde inmhianaithe chomhshaoil amach, go bhfuil gá le córas coinníollachta uaillmhianach. Dá bhrí sin, ba cheart do gach feirmeoir a bheith faoi réir coinníollachta. Chun ualach riaracháin neamhriachtanach a chosc, foráiltear simplithe le haghaidh gabháltais bheaga trí mhéid na feirme a chur san áireamh agus caighdeáin dea-riochtaí talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) á mbunú ag na Ballstáit, agus rogha ann le haghaidh córas rialaithe simplithe agus an deis gan pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm i gcásanna áirithe.

Maidir le DRTC 9, mhol an Uachtaránacht go dtabharfaí isteach **sciar íosta aonfhoirmeach de réimsí agus de ghnéithe táirgiúla/neamhtháirgiúla** ar fud an Aontais. Dar leis an Uachtaránacht, caithfidh sonrú an sciar íosta sin léiriú a thabhairt ar uaillmhianta níos airde comhshaoil agus aeráide, ar thaobh amháin, agus an staid éagsúil ar fud na mBallstát, ar an taobh eile. Dá bhrí sin, mhol an Uachtaránacht gur cheart an t-íoschéatadán a mhéadú ó 5 % (mar atá sa ghlasú reatha) go [x]% **maidir le talamh arúil** ([x]% arb ionann é agus figiúr a bheidh le comhaontú ar leibhéal an Aontais). Ós rud é gur éiligh mórán Ballstát é go láidir, ba cheart go mbeadh sé indéanta **úsáidí táirgiúla áirithe a** áireamh i gcoinne an sciar íosta. Foráiltear d'fhachtóir ualaithe de 0.3 i gcás barra breise. I gcás na mBallstát sin ar mian leo réimsí agus gnéithe neamhtháirgiúla amháin a áireamh i gcoinne an sciar íosta, molann an Uachtaránacht sciar íosta níos ísle de **3 %**. Measann an Uachtaránacht gur cheart DRTCanna agus Ceanglais Reachtúla Bhainistithe (CRBanna) eile a choinneáil, den chuid is mó, mar a dhréachtaigh Uachtaránacht na Cróite iad.

3. **Forálacha comhshaoil agus aeráide sa dara colún.** Molann an Uachtaránacht go gcoinneofaí an téacs comhréitigh a dréachtaíodh faoi Uachtaránacht na Cróite maidir le híocaíochtaí do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile limistéarshonracha iontu faoi Airteagal 66. Dhéanfaí na híocaíochtaí sin a áireamh, dá réir sin, i gcoinne na tairsí íosta de 30 % de ranníocaíocht iomlán CETFT atá le cur i leataobh le haghaidh idirghabhálacha lena dtugtar aghaidh ar na cuspóirí sonracha comhshaoil agus aeráide.

<u>Samhail Nua Seachadta</u>

Tá an tSamhail Nua Seachadta (SNC) ina cuid lárnach den CBT a bheidh ann amach anseo agus a bheidh bunaithe ar thorthaí. Tá roinnt forálacha sonracha ann arb é is aidhm dóibh go n-imeofar ón gcóras a bhí ann roimhe seo agus a bhí bunaithe ar chomhlíonadh, amhail na cinn sin a bhaineann le méideanna aonaid a shocrú le haghaidh na n-idirghabhálacha, le himréiteach feidhmíochta agus le táscairí.

Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinne na hUachtaránachtaí roimhe seo, phléigh Uachtaránacht na Gearmáine an t-ábhar tábhachtach seo go dian i gcruinnithe den Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta (WP HAQ). Ina theannta sin, phléigh CST an cheist maidir le ceapadh táscairí amach anseo.

Is sprioc choiteann é go mbeadh cur chun feidhme SNC indéanta ag na Ballstáit. Ag an am céanna, tá bonn leordhóthanach de dhíth ar an gCoimisiún Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpleanáil agus chun go mbeadh bonn láidir aige don athbhreithniú feidhmíochta. Tá roinnt gnéithe fós le plé chun teacht ar réiteach comhpháirteach.

1. **Pleananna straitéiseacha na mBallstát a fhormheas.** Léirigh a lán Ballstát imní mhór agus bhí ceisteanna acu maidir leis an deimhneacht dhlíthiúil is gá i ndáil leis an bpróiseas i leith pleananna straitéiseacha na mBallstát a bheith á bhformheas ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, chuir an Uachtaránacht soiléiriú comhfhreagrach dlíthiúil in Airteagal 106 de Rialachán na bPleananna Straitéiseacha faoi CBT. Is é is aidhm don leasú sin a shoiléiriú go mbeidh an measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún ar na Pleananna Straitéiseacha faoi CBT bunaithe go heisiach ar ghníomhartha a bheidh ceangailteach ar na Ballstáit ó thaobh dlí.

2. **Táscairí.** Ní mór córas na dtáscairí a bheith soiléir agus ní mór é a bheith indéanta é a chur chun feidhme chun a chruthú go mbainfidh CBT a chuspóirí amach i ndáiríre. Ag an am céanna, tá dóthain faisnéise agus sonraí de dhíth ar an gCoimisiún chun an t-athbhreithniú feidhmíochta a dhéanamh agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CBT. Chun aghaidh a thabhairt ar rannchuidiú CBT le cuspóirí áirithe comhshaoil agus aeráide, d'fhéadfadh táscairí ar leithligh léiriú níos fearr a thabhairt ar éifeachtaí an bheartais. Dá bhrí sin, mhol an Uachtaránacht táscairí ar leith a thabhairt isteach an athuair lena gcumhdófaí rannchuidiú CBT le cáilíocht aeir, cáilíocht uisce agus úsáid inbhuanaithe uisce. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht an obair atá á déanamh sa Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta, maidir le táscairí, a thabhairt i gcrích.

3. **Méideanna aonaid**. D'iarr na Ballstáit arís agus arís eile cur chuige pragmatach chun méideanna aonaid a shocrú, go háirithe agus idirghabhálacha an-difreáilte á bpleanáil, e.g. idirghabhálacha comhshaoil fíor-spriocdhírithe i gcolún II. Sa chomhthéacs sin, cuireadh i bhfios go láidir go raibh an caidreamh idir leithdháiltí táscacha airgeadais ar leibhéal na hidirghabhála agus pleanáil méideanna aonaid agus aschuir ródhocht. Dá bhrí sin, mhol an Uachtaránacht gur cheart éirí as an gcur chuige bunaidh de nós imeachta glanmhatamaitice chun na hacmhainní airgeadais le haghaidh idirghabhála a chinneadh. Dá réir sin, leis na moltaí ón Uachtaránacht, tá sé níos soiléire fós go bhfuil an leithdháileadh airgeadais táscach agus go bhfuil níos mó solúbthachta tugtha do na Ballstáit, leis na moltaí sin, ó thaobh pleanála de. Ina theannta sin, áiríodh coincheap na meánmhéideanna aonaid agus na n-aschur comhiomlánaithe. Baineann sé sin go háirithe le hidirghabhálacha an-difreáilte a phleanáil, amhail éiciscéimeanna, idirghabhálacha comhshaoil áirithe i gcolún II agus íocaíochtaí i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha nó eile iontu. Ar an iomlán, leis an gcur chuige seo, déanfar an cur síos ar na hidirghabhálacha a shimpliú go mór. Tá sé mar aidhm ag an Uachtaránacht an obair maidir le méideanna aonaid agus tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht sa Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta a thabhairt i gcrích.

<u>Íocaíochtaí Díreacha</u>

1. **Uasteorannú agus céimlaghdaitheacht.** Ar bhonn na gconclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le CAI, rinne an Uachtaránacht an dréachtú dlíthiúil a oiriúnú trína léiriú gur cheart do na Ballstáit uasteorannú a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach. Ag cloí le meon an bhuntogra ón gCoimisiún, tá sásra deonach tugtha isteach aici freisin chun íocaíochtaí díreacha a laghdú faoi bhun EUR 100 000 agus, le huasteorannú deonach d'fhaighteoirí móra thar an teorainn sin, chuirfí ardleibhéal solúbthachta ar fáil do na Ballstáit.

2. **Saincheisteanna eile a bhaineann le híocaíochtaí díreacha.** Faoi na hUachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo, rinneadh dul chun cinn suntasach i réimse na n-íocaíochtaí díreacha eile. Dá bhrí sin, tá an Uachtaránacht den tuairim go bhféadfadh formhór na mBallstát tacú leis na téacsanna dlí sa leagan ó Uachtaránacht na Cróite.

Chun struchtúr a chur ar an díospóireacht i gcruinniú na Comhairle "Talmhaíocht agus Iascach" an 21 Meán Fómhair 2020, ba mhaith leis an Uachtaránacht a iarraidh ar na hAirí **a dtuairimí a mhalartú maidir leis na gnéithe seo a leanas a mbeadh gá le treoir pholaitiúil ina dtaobh**:

1. Tá na Ballstáit ag tacú, i bprionsabal, le huaillmhian mhéadaithe chomhshaoil CBT a bheidh ann amach anseo ó cuireadh síos na tograí um athchóiriú. Chun an gealltanas sin a thrasuí i mbearta beartais nithiúla, thíolaic an Uachtaránacht moltaí maidir le dréachtú, lena gcumhdaítear leithdháileadh buiséid íosta d'éiciscéimeanna, forálacha chun caillteanas cistí éiciscéimeanna neamhchaite a sheachaint, cur chuige dhá shraith maidir le réimsí neamhtháirgiúla agus réimsí táirgiúla áirithe (GAEC 9), imfhálú beart agra-chomhshaoil i gcolún II, agus scéim iomchuí le haghaidh coinníollachta d'fheirmeacha beaga.

| **C1:**<br>An aontaíonn sibh le cur chuige na hUachtaránachta d'Ollstruchtúr Glas CBT a bheidh ann amach anseo?<br>Dar libh, céard iad na gnéithe is ábhartha den CBT chun uaillmhian chomhshaoil agus aeráide CBT a bheidh ann amach anseo a dhéanamh éifeachtach agus inchreidte? |
|---|

2. Leanfaidh íocaíochtaí díreacha de bheith mar phríomhionstraim le haghaidh tacaíocht spriocdhírithe chun cur ar chumas feirmeoirí bia ar ardchaighdeán a sholáthar, chomh maith le seirbhísí sochaíocha agus comhshaoil, agus an chobhsaíocht shocheacnamaíoch agus na peirspictíochtaí fadtéarmacha is gá a áirithiú d'fheirmeoireacht an Aontais.

   Ag tógáil ar an dul chun cinn a bhain na hUachtaránachtaí roimhe seo amach, tá moltaí déanta ag an Uachtaránacht maidir le struchtúr an chórais íocaíochtaí díreacha a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear an tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta, an tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga, agus an tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta.

Ar bhonn na gconclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le CAI, mhol an Uachtaránacht freisin sásra deonach a thabhairt isteach chun íocaíochtaí díreacha a uasteorannú, lena n-áirítear forálacha do na Ballstáit laghduithe breise ar íocaíochtaí díreacha d'fhaighteoirí móra a chur i bhfeidhm, agus ardleibhéal solúbthachta á áirithiú ag an am céanna do na Ballstáit sin a roghnaíonn é sin a dhéanamh.

**C2:**
An aontaíonn sibh leis na moltaí ón Uachtaránacht go mbeidh na Ballstáit in ann úsáid sholúbtha a bhaint as féidearthachtaí atá dírithe ar íocaíochtaí díreacha?
An gceapann sibh go bhfuil gá le forálacha treoracha breise chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an chórais íocaíochtaí díreacha a bhaint amach ar leibhéal níos airde ar fud an Aontais Eorpaigh?

3. Is gné lárnach den CBT a bheidh ann amach anseo í an tSamhail Nua Seachadta, agus cuideoidh sí le héifeachtúlacht CBT a mhéadú maidir lena spriocanna a bhaint amach, chomh maith le cuntasacht CBT don phobal a fheabhsú. Ag an am céanna, ós rud é gur cur chuige bainistíochta agus riaracháin iomlán nua a bheadh i gceist leis an tSamhail Nua Seachadta, i gcomparáid leis an seanchóras atá bunaithe ar chomhlíonadh, tá iarracht mhór déanta ag roinnt Uachtaránachtaí chun go mbeidh sé inoibrithe agus indéanta, ní hamháin d'fheirmeoirí ach do na húdaráis riaracháin náisiúnta agus don Choimisiún freisin.

Ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht an 14 Meán Fómhair 2020, chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoin obair atá fós á déanamh chun tuilleadh feabhais a chur ar an tSamhail Nua Seachadta.

**C3:**
Dar libh, céard iad na forálacha is tábhachtaí chun cothromaíocht a bhaint amach idir an fócas ar sheachadadh níos fearr agus an gá atá le simpliú an riaracháin a chur ar fáil?
Ceard iad na gnéithe a mholfadh sibh a neartú chun an chothromaíocht sin a fheabhsú?